Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Samhain 2024**
**(OR. en)**

**15569/24**

**SOC 832**
**EMPL 583**
**GENDER 251**
**ECOFIN 1363**
**EDUC 437**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Réitigh chuimsitheacha ar dhúshláin dhéimeagrafacha: Tacú le tuismitheoirí agus leas a bhaint as acmhainneacht neamhshaothraithe na nglúnta óga agus aosta<br>- *Díospóireacht bheartais* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, nóta stiúrtha a d’ullmhaigh an Uachtaránacht don díospóireacht bheartais ar an ábhar thuasluaite ag Comhairle EPSCO an 2 Nollaig 2024.

**Réitigh chuimsitheacha ar dhúshláin dhéimeagrafacha: tacú le tuismitheoirí agus leas a bhaint as acmhainneacht neamhshaothraithe na nglúnta óga agus aosta**

*Díospóireacht bheartais*

Tá tionchar mór ag an athrú déimeagrafach ar shochaithe agus ar chaipiteal daonna an Aontais Eorpaigh. Bíonn tionchar aige ar ár ngeilleagair ina n-iomláine, chomh maith lenár gcomhtháthú críochach agus sóisialta. Tá daonra na hEorpa ag dul in aois agus tiocfaidh laghdú air go luath. Faoi 2050, meastar go mbeidh sciar an Aontais de dhaonra an domhain níos lú ná 5 %. Is féidir impleachtaí suntasacha a bheith ag na treochtaí déimeagrafacha sin ar iomaíochas fadtéarmach an Aontais. Má leanann na treochtaí sin ar aghaidh, d'fhéadfaidís ganntanais i margadh an tsaothair a ghéarú agus brú a chur ar bhuiséid náisiúnta agus ar chórais slándála sóisialta. Chomh maith le hábhair imní maidir le hinbhuanaitheacht, bíonn tionchar mór ag na treochtaí sin ar tháirgiúlacht freisin.

Bíonn tionchar mór ag roghanna aonair ar athrú déimeagrafach. Dá bhrí sin, ba cheart é a bheith mar phríomhaidhm ag beartais an Aontais agus ag beartais náisiúnta tacú le daoine aonair a mianta a bhaineann le gairm bheatha phearsanta agus le saol an teaghlaigh a bhaint amach, i measc nithe eile.

**Tacú le teaghlaigh ag féachaint do dhúshláin dhéimeagrafacha phráinneacha an lae inniu**

I bhfianaiase na ndúshlán thuasluaite, ba cheart díriú go háirithe ar fheabhas a chur ar thacaíocht chuimsitheach do thuismitheoirí chun timpeallacht a chruthú a bheidh níos fabhraí do theaghlaigh agus a thabharfaidh aghaidh ar thionchair shocheacnamaíocha an aosaithe agus rátaí breithe atá ag laghdú. Ba cheart a chur san áireamh sa timpeallacht sin na tairbhí a bhaineann le feabhas a chur ar an gcothromaíocht oibre is saoil agus ar an gcomhionannas inscne chun ligean do thuismitheoirí, do mhná agus d'fhir araon, páirt a ghlacadh in obair ar íocaíocht. Ba cheart do na beartais sin bearta a fhiosrú agus a fheabhsú ar nós saoire tuismitheoirí lena ngabhann cúiteamh leordhóthanach agus atá sách solúbtha a neartú, lena n-áirítear saoire atharthachta, cúram leanaí agus cúram fadtéarmach atá inacmhainne, inrochtana agus ar ardchaighdeán, agus bearta lena n-éascaítear rochtain ar thithíocht inacmhainne, chuibhiúil agus inbhuanaithe.

Agus tacaíocht á tabhairt do dhaoine aonair agus do thuismitheoirí chun an saol oibre agus an saol príobháideach a thabhairt le chéile, tá sé ríthábhachtach cuimhneamh ar 'cur chuige bunaithe ar riachtanais', rud a chiallaíonn go mbeadh creat solúbtha oiriúnaitheach ann lena dtugtar tús áite do riachtanais éagsúla phearsanta agus ghairmiúla oibrithe agus lena dtugtar aghaidh orthu, agus comhroinnt chothrom na bhfreagrachtaí cúraim idir mná agus fir á cur chun cinn ag an am céanna agus lena gcothaítear réiteach idir freagrachtaí oibre agus cúraim. Leagtar béim sa chur chuige sin ar a thábhachtaí atá sé riachtanais shonracha daoine aonair a thuiscint agus freastal orthu d'fhonn a ndea-bhail a fheabhsú. Is éard atá i gceist leis imthosca sonracha shaoránaigh an Aontais a mheas agus a chur san áireamh, ar nós freagrachtaí teaghlaigh agus pleananna saoil, lena n-áirítear leanaí a thógáil agus spriocanna forbartha gairmiúla chomh maith le comhionannas inscne a chur chun cinn. Is féidir le socruithe solúbtha oibre feabhas suntasach a chur ar chothromaíocht oibre is saoil na dtuismitheoirí, cur ar a gcumas a bheith gníomhach i margadh a tsaothair agus an teaghlach agus an obair a bhainistiú ar bhealach níos fearr. Ní mór seirbhísí inacmhainne, inrochtana agus ardcháilíochta a bheith ag dul leis sin freisin le haghaidh oideachas agus cúram luath-óige, chomh maith le cúram fadtéarmach.

Gné thábhachtach eile is ea an comhionannas inscne. Agus tacaíocht á tabhairt do thuismitheoirí agus do theaghlaigh, tá sé ríthábhachtach rannpháirtíocht chomhionann idir mná agus fir a spreagadh i bhfreagrachtaí cúraim agus teaghlaigh chomh maith le feabhas a chur ar bheartais san ionad oibre a fhreagraíonn do riachtanais agus do chúinsí aonair na mban agus na bhfear atá ag tógáil clainne, rud a chuirfidh ar a gcumas a mianta a chomhlíonadh. Cuirfidh sé sin cosc freisin ar dhaoine a bhfuil freagrachtaí cúraim orthu tarraingt siar ó mhargadh an tsaothair níos luaithe.

Chomh maith le cothromaíocht oibre is saoil, tá infhaighteacht agus rochtain ar thithíocht inacmhainne chuibhiúil ríthábhachtach freisin chun timpeallacht a thacaíonn le teaghlaigh a chruthú. Cuireann sé le braistint na slándála agus cuireann sé bunús ar fáil chun teaghlach a thosú. Mar shampla, níl aon amhras gur féidir le fóirdheontais tithíochta dea-spriocdhírithe, go háirithe i bhformáid neamh-inaisíoctha, cabhrú leis an sprioc sin a bhaint amach, nuair a chomhcheanglaítear iad le bearta struchtúracha chun soláthar agus infhaighteacht tithíochta inacmhainne, cuibhiúla agus inbhuanaithe a áirithiú.

Tá cobhsaíocht airgeadais na dteaghlach lárnach agus aghaidh á tabhairt ar shaincheist an athraithe dhéimeagrafaigh, trí aghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna atá leis agus, ag an am céanna, oiriúnú do réaltachtaí nua. Cinntíonn córais sochair chánach atá dea-cheaptha go mbeidh daoine aonair níos fearr as ó thaobh airgeadais de agus iad ag dul i mbun obair ar íocaíocht. Is bealach iad sochair linbh freisin chun tacú le foirmiú teaghlaigh agus chun bacainní airgeadais a shárú maidir le pleananna saoil aonair a chomhlíonadh.

Díríonn na bearta a bhfuil sé mar aidhm acu cothromaíocht oibre is saoil bunaithe ar riachtanais a chothú, comhionannas inscne a chur chun cinn, tacú le rochtain ar thithíocht inacmhainne chomh maith le cobhsaíocht airgeadais agus neamhspleáchas eacnamaíoch teaghlach a áirithiú, é a dhéanamh níos éasca do thuismitheoirí a mianta a chomhlíonadh maidir le leanaí a bheith acu agus a spriocanna gairmiúla a bhaint amach. Trí bhacainní airgeadais agus sóisialta a laghdú, tá sé d'aidhm ag na beartais sin fás eacnamaíoch a spreagadh, brú eacnamaíoch ar thuismitheoirí a mhaolú, agus dálaí cobhsaí a chruthú chun leanaí a thógáil ar fud Bhallstáit an Aontais.

**Leas a bhaint as acmhainneacht neamhshaothraithe na nglúnta óga agus aosta**

Chun dúshláin dhéimeagrafacha phráinneacha an lae inniu a bhainistiú, is féidir linn leas a bhaint as láidreachtaí na nglúnta níos óige agus na nglúnta níos sine araon. Mar a leagadh béim air sa Bhosca Uirlisí Déimeagrafaíochta, ba cheann de na bearta ab éifeachtaí chun tionchair an athraithe dhéimeagrafaigh a mhaolú é leas a bhaint as acmhainneacht na ngrúpaí óga agus na ngrúpaí níos sine i margadh an tsaothair, rud a bheidh fíor amach anseo freisin. . Ag an am céanna, tá méadú ag teacht ar an ngá atá le réaltachtaí éagsúla i measc na nglúnta a tharraingt le chéile agus comhoibriú a chothú, ar bhonn deonach, lena n-éascófar freagrachtaí cúraim na dtuismitheoirí.

Ina theannta sin, is gá leas a bhaint as scileanna agus acmhainneacht daoine óga agus daoine scothaosta araon, ag díriú ar oideachas, athsciliú agus roghanna solúbtha fostaíochta chun dul in oiriúint do réaltachtaí déimeagrafacha, borradh a chur faoin athléimneacht eacnamaíoch agus dlúthpháirtíocht idirghlúine a chothú ar fud an Aontais. Is féidir le glúnta níos óige peirspictíochtaí úra, cabhair le scileanna teicneolaíochta, agus tacaíocht oideachais a thabhairt do leanaí, rud a thugann níos mó ama do thuismitheoirí díriú ar a róil féin. Chomh chomh le cur lena bhforbairt phearsanta agus gairme, d'fhéadfadh cláir a ligeann do dhaoine óga dul i dteagmháil go deonach le teaghlaigh a bhfuil teagasc, cúram leanaí nó meantóireacht de dhíth orthu ualaí laethúla tuismitheoirí a laghdú, rud a thugann faoiseamh praiticiúil agus mothúchánach.

Ag an am céanna, tá taithí saoil shaibhir ag an nglúin níos sine a d'fhéadfadh dul chun tairbhe go mór do theaghlaigh óga. Trí thionscnaimh agus gníomhaíochtaí idirghlúine a bhunú, ar nós cláir oideachais agus teagaisc, líonraí saorálaithe nó cúram solúbtha páirtaimseartha ó dhaoine atá ar scor, ar bhonn deonach freisin, is féidir cumhacht a thabhairt do dhaoine scothaosta gníomhú mar mheantóirí, mar chúntóirí agus mar chúramóirí. Ní hamháin gur féidir leo saol an teaghlaigh a shaibhriú ach is féidir leo meon cuspóra a thabhairt do dhaoine scothaosta a bhfuil uaigneas orthu.

Is féidir leis na bearta agus na hiarrachtaí sin go léir comhphobal tacúil a chruthú atá bunaithe ar idirphlé idirghlúine agus ar dhlúthpháirtíocht ina gcuireann acmhainneacht gach glúine le sochaí chomhleanúnach, agus meáchan na tuismitheoireachta á roinnt ar bhealaí a théann chun tairbhe do chách.

**I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar na hairí na ceisteanna stiúrtha seo a leanas a phlé:**

- ***Conas is féidir linn cabhrú le daoine óga a mianta maidir lena bhforbairt ghairmiúil phearsanta agus maidir le teaghlach a thógáil a chomhlíonadh?***
- ***Cad iad na bearta ar féidir cabhrú le tuilleadh tacaíochta a thabhairt do chothromaíocht oibre is saoil atá bunaithe ar riachtanais do thuismitheoirí, go háirithe tuismitheoirí a bhfuil leanaí óga acu?***
- ***Conas is féidir leis an dlúthpháirtíocht idirghlúine, chomh maith le leas a bhaint as acmhainneacht neamhshaothraithe na nglúnta óga agus na nglúnta níos sine, cur le cothromaíocht oibre is saoil na dtuismitheoirí i gcomhthéacs an athraithe dhéimeagrafaigh?***